V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Case M.10969 — XXXLUTZ / HOME24)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 96/05)

1. An 7 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— LSW GmbH ("LSW", an Ostair), faoi rialú LSW Privatstiftung ("LSWPS", an Ostair),

— SGW-Immo-GmbH ("SGW-Immo", an Ostair), faoi rialú WSF Privatstiftung ("WSFPS", an Ostair),

— home24 SE ("home24", an Ghearmáin).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí.

Gheobhaidh LSW agus SGW-Immo rialú comhpháirteach ar home24 ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá LSWPS agus WSFPS, trí rialú comhpháirteach a bheith acu freisin ar XXXLutz KG, gníomhach i miondíol troscáin, trealaimh soilsithe agus earraí tí eile i siopaí speisialaithe in go leor tíortha AE,

— Is siopa ar líne é home24 atá gníomhach san earnáil miondíola troscáin, feistis tí agus earraí tí i mór-roinn na hEorpa agus sa Bhrasaíl.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10969 — XXXLUTZ / HOME24

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË